

Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dlíteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

► **B** RIALACHÁN (AE) 2017/2394 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE  
an 12 Nollaig 2017

maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(IO L 345, 27.12.2017, lch. 1)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
► <b>M1</b>	Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018	L 60I	1	2.3.2018



**RIALACHÁN (AE) 2017/2394 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA  
AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 12 Nollaig 2017**

**maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe  
cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear  
Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

CAIBIDIL I

**FORÁLACHA RÉAMHRÁITEACHA**

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leis an Rialachán seo, leagtar síos na coinníollacha faoina ndéanfaidh údaráis inniúla, tar éis dá mBallstáit iad a ainmniú mar na húdaráis atá freagrach as dlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí a fhorfheidhmiú, gníomhaíochtaí a chomhordú le chéile agus leis an gCoimisiún, chun comhlíonadh na dlíthe sin a fhorfheidhmiú agus chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach go rianúil, agus chun cosaint leasanna eacnamaíocha tomhaltóirí a fheabhsú.

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le sárúithe laistigh den Aontas, le sárúithe forleathana agus le sárúithe forleathana lena mbaineann gné Aontais, fiú má scoireadh de na sárúithe sin sula dtosaítear ar an bhforfheidhmiú nó sula gcríochnaítear é.

2. Ní dochar an Rialachán seo do rialacha an Aontais maidir leis an dlí príobháideach idirnáisiúnta, go háirithe rialacha a bhaineann le dlínse cúirteanna agus na dlíthe is infheidhme.

3. Ní dochar an Rialachán do bhearta a chur i bhfeidhm sna Ballstáit a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla agus, go háirithe feidhmiú an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh.

4. Ní dochar an Rialachán seo do na Ballstáit aon oibleagáidí breise a chomhlíonadh atá orthu maidir le cúnaimh frithpháirteach ar mhaithe le comhleasanna eacnamaíocha tomhaltóirí a chosaint, lena n-áirítear in ábhair choiriúla a eascraíonn as gníomhartha eile dlí, lena n-áirítear comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha.

5. Ní dochar an Rialachán seo do Threoir 2009/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>.

6. Ní dochar an Rialachán seo don fhéideartheacht atá ann tuilleadh gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin poiblí nó príobháideacha a thion-snamh faoin dlí náisiúnta.

<sup>(1)</sup> Treoir 2009/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hurghairí chun leasanna tomhaltóirí a chosaint (IO L 110, 1.5.2009, lch. 30).

**▼B**

7. Ní dochar an Rialachán seo do reachtaíocht ábhartha an Aontais atá infheidhme maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta.

8. Ní dochar an Rialachán seo don dlí náisiúnta atá infheidhme maidir le cúiteamh do thomhaltóirí as díobháil arb é is cúis léi sárúithe ar dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí.

9. Ní dochar an Rialachán do cheart na n-údarás inniúil gníomhaíochtaí imscrúdúcháin ná gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a thion-snamh i gcoinne níos mó ná trádálaí amháin as sárúithe comhchosúla a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

10. Níl feidhm ag Caibidil III den Rialachán seo maidir le sárúithe laistigh den Aontas ar Threoracha 2014/17/AE agus 2014/92/AE.

*Airteagal 3***Sainmhínte**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) Ciallaíonn “dlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí” na Rialacháin agus na Treoracha, mar a trasúidh i ndlí-chórais na mBallstát iad, a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo;
- (2) ciallaíonn “sárú laistigh den Aontas” aon ghníomh nó neamhghníomh atá contrártha do dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí, ar sárú é a rinne díobháil, a dhéanann díobháil nó ar dóigh dó díobháil a dhéanamh, do chomhleasanna na dtomhaltóirí a chónaíonn i mBallstát seachas an Ballstát:
  - (a) inar thosaigh nó ina ndearnadh an ghníomh nó ar an neamhghníomh;
  - (b) ina bhfuil an trádálaí atá freagrach as an ngníomh nó neamhghníomh bunaithe; nó
  - (c) ina bhfuil fianaise nó sócmhainní de chuid an trádálaí a bhaineann leis an ghníomh nó leis an neamhghníomh le fáil;
- (3) ciallaíonn “sárú forleathan”:
  - (a) aon ghníomh nó neamhghníomh atá contrártha do dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí, ar ghníomh é a rinne díobháil, a dhéanann díobháil nó ar dóigh dó díobháil a dhéanamh, do chomhleasanna na dtomhaltóirí in dhá cheann, ar a laghad, de na Ballstáit, seachas sa Bhallstát
    - (i) inar tionscnáidh an ghníomh nó inar tharla an neamhghníomh;
    - (ii) ina bhfuil an trádálaí atá freagrach as an ngníomh nó as an neamhghníomh bunaithe; nó
    - (iii) ina bhfuil fianaise nó sócmhainní an trádálaí a bhaineann leis an ghníomh nó leis an neamhghníomh le fáil; nó

**▼B**

- (b) aon ghníomhartha nó neamhghníomhartha atá contrártha do dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí, ar gníomhartha nó neamhghníomhartha iad a rinne díobháil, a dhéanann díobháil nó ar dóigh dóibh díobháil a dhéanamh do chomhleasanna na dtomhaltóirí agus a bhfuil tréithe coiteanna ag baint leo, lena n-áirítear an cleachtas mídh-leathach céanna, an leas céanna a bheith á shárú agus ar nithe iad arna ndéanamh ag an trádálaí céanna, i gcomhthráth, i dtír cinn, ar a laghad, de na Ballstáit;
- (4) ciallaíonn “sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais” sárú forleathan a rinne nó a dhéanann díobháil nó ar dóigh dó díobháil a dhéanamh, do chomhleasanna na dtomhaltóirí in dhá thrian de na Ballstáit ar a laghad agus an dá thrian sin cothrom le dhá thrian de dhaonra an Aontais, ar a laghad.
- (5) ciallaíonn “sárúithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo” sárúithe laistigh den Aontas, sárúithe forleathana agus sárúithe forleathana lena mbaineann gné Aontais.
- (6) ciallaíonn “údarás inniúil” aon údarás poiblí a bunaíodh ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, agus atá ainmnithe ag Ballstát mar an t-údarás atá freagrach as dlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí a fhorfheidhmiú;
- (7) ciallaíonn “oifig idirchaidrimh aonair” an t-údarás poiblí atá ainmnithe ag Ballstát mar an t-údarás atá freagrach as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chomhordú laistigh den Bhallstát sin;
- (8) ciallaíonn “comhlacht ainmnithe” comhlacht a bhfuil leas dlis-teanach aige i scor sárúithe, nó iad a thoirmeasc, ar sárúithe iad ar dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí, ar comhlacht é atá ainmnithe ag Ballstát agus a dtugann údarás inniúil treoir dó chun an fhaisnéis atá riachtanach a bhailiú agus pé bearta forfheidhmiúcháin atá riachtanach atá ar fáil don chomhlacht sin faoin dlí náisiúnta a ghlacadh chun a chur faoi deara go scoirfí den sárú nó go dtoirmeascfaí é, agus a ghníomhaíonn thar ceann an údaráis inniúil sin;
- (9) ciallaíonn “údarás is iarratasóir” an t-údarás inniúil a dhéanann iarraidh ar chúnamh frithpháirteach;
- (10) ciallaíonn “údarás faighte iarrata” an t-údarás inniúil a fhaigheann iarraidh ar chúnamh frithpháirteach;
- (11) ciallaíonn “trádálaí” aon duine nádúrtha nó dlítheanach, is cuma cé acu faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí atá sé, atá ag gníomhú, lena n-áirítear trí aon duine eile atá ag gníomhú faoina ainm nó thar a cheann, chun críocha a bhfuil baint acu lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm,
- (12) ciallaíonn “tomhaltóir” aon duine nádúrtha a ghníomhaíonn lasmuigh dá thrádáil, dá ghnó, dá cheird nó dá ghairm;
- (13) ciallaíonn “gearán ó thomhaltóir” ráiteas, a bhfuil fianaise réasúnach ag tacú leis, go ndearna trádálaí sárú ar dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí, go bhfuil sárú den sórt sin á dhéanamh aige nó gur dóigh go ndéanfaidh sé sárú den sórt sin;
- (14) ciallaíonn “díobháil do chomhleasanna tomhaltóirí” díobháil iarbhir nó fheideartha do leasanna roinnt tomhaltóirí ar tomhaltóirí a ndéanann sárúithe laistigh den Aontas, sárúithe forleathana nó sárúithe forleathana lena mbaineann gné Aontais difear dóibh;

**▼B**

- (15) ciallaíonn “comhéadan ar líne” aon bhogearra, lena n-áirítear suíomh gréasáin, cuid de shuíomh gréasáin nó feidhmchlár, a oibríonn trádálaí nó a oibrítear thar a cheann, agus a fhónann chun rochtain a thabhairt do thomhaltóirí ar earraí nó seirbhísí an trádálaí;
- (16) ciallaíonn “scuab-imscrúduithe” imscrúduithe chomhbheartaithe a dhéanamh ar mhargaí tomhaltóirí trí bhíthin gníomhaíochtaí comhordaithe rialaithe comhuaineacha a dhéanamh chun comhlíonadh dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí a sheiceáil, nó chun sárúithe orthu a bhrath.

*Airteagal 4***Fógra a thabhairt faoi thréimhsí teorann**

Tabharfaidh gach oifig idirchaidrimh aonair fógra don Choimisiún faoi na tréimhsí teorann atá i bhfeidhm ina Bhallstát féin agus a bhfuil feidhm acu maidir le bearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 9(4). Déanfaidh an Coimisiún achoimre ar na tréimhsí teorann a dtugtar fógra fúthu agus cuirfidh sé an achoimre sin ar fáil do na húdaráis inniúla.

## CAIBIDIL II

**NA HÚDARÁIS INNIÚLA AGUS A gCUMHACHTAÍ***Airteagal 5***Na húdaráis inniúla agus oifigí idirchaidrimh aonair**

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó agus an oifig idirchaidrimh aonair atá freagrach as an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.
2. Comhlíonfaidh na húdaráis inniúla a gcuid oibleagáidí faoin Rialachán seo amhail is dá mba ag gníomhú thar ceann thomhaltóirí a mBallstáit féin agus ar a gcuntas féin a bheidís.
3. Laistigh de gach Ballstát, is í an oifig idirchaidrimh aonair a bheidh freagrach as comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin na n-údarás inniúil, na n-údarás poiblí eile amhail dá dtagraítear in Airteagal 6 agus, más infheidhme, na gcomhlachtaí ainmnithe i dtaca le sárúithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo.
4. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfuil ag na húdaráis inniúla agus ag na hoifigí idirchaidrimh aonair na hacmhainní atá riachtanach chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear leordhóthain acmhainní buiséadacha agus acmhainní de chineálacha eile, saineolas, nósanna imeachta agus socruithe eile.
5. I gcás ina bhfuil níos mó ná aon údarás inniúil amháin ina gcóir, áiríteoidh na Ballstáit go saineofar dualgais na n-údarás inniúil sin faoi seach go soiléir agus go n-oibreoidh siad i ndlúthchomhar le chéile ionas gur féidir leo na dualgais sin a dhéanamh go héifeachtach.

**▼B***Airteagal 6***Comhar chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm sna Ballstáit**

1. Chun go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm go cuí, áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh na húdaráis inniúla, maille le húdaráis phoiblí eile agus, más infheidhme, na comhlachtaí ainmnithe, comhar éifeachtach le chéile.
2. Glacfaidh na húdaráis phoiblí eile dá dtagraítear i mír 1, arna iarraidh sin orthu ag údarás inniúil, gach beart atá riachtanach atá ar fáil dóibh faoin dlí náisiúnta chun a chur faoi deara go scoirfí de sháruithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo. nó go dtoirmeascfaí iad
3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na hacmhainní agus na cumhachtaí atá riachtanach ag na húdaráis phoiblí eile dá dtagraítear i mír 1 chun dul i mbun comhair go héifeachtach leis na húdaráis inniúla i gcur i bhfeidhm chun an Rialachán seo. Déanfaidh na húdaráis phoiblí eile sin na húdaráis inniúla a chur ar an eolas go rialta faoi na bearta arna ndéanamh chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 7***Ról na gcomhlachtaí ainmnithe**

1. I gcás inarb infheidhme, féadfaidh údarás inniúil (“údarás treorach”) i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, treoir a thabhairt do chomhlacht ainmnithe pé faisnéis atá riachtanach a bhailiú maidir le sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo nó pé bearta forfheidhmiúcháin atá riachtanach atá ar fáil dó faoin dlí náisiúnta a ghlacadh chun a chur faoi deara go scoirfí den sárú sin nó go dtoirmeascfaí é. Ní thabharfaidh an t-údarás treorach treoir do chomhlacht inniúil ach amháin más rud é, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás is iarratasóir nó leis na húdaráis inniúla eile lena mbaineann an sárú a chumhdaítear leis na Rialachán seo, go gcomhaontaíonn an t-údarás is iarratasóir agus údarás faighte na hiarrata araon nó na húdaráis inniúla uile lena mbaineann, gur dóigh go bhfaighidh an comhlacht ainmnithe an fhaisnéis atá riachtanach nó chun a chur faoi deara go scoirfí den sárú nó go dtoirmeascfaí é ar bhealach atá chomh héifeachtúil agus chomh héifeachtach, ar a laghad, le gníomhaíocht de chuid an údaráis threoraigh.
2. Más rud é go bhfuil an t-údarás is iarratasóir nó na húdaráis eile lena mbaineann an sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo den tuairim nár comhlíonadh na coiníollacha a leagtar amach i mír 1, cuirfidh siad an t-údarás treorach ar an eolas faoi sin gan mhoill, agus leagfaidh siad amach na cúiseanna lena dtugtar bonn cirt don tuairim sin. Mura bhfuil an t-údarás treorach den tuairim chéanna, féadfaidh sé an t-ábhar a tharchur chuig an gCoimisiún, agus-is é an Coimisiún a eiseoidh tuairim ar an ábhar gan mhoill.
3. Leanfaidh an t-údarás treorach d’oibleagáid a bheith air an fhaisnéis atá riachtanach a bhailiú nó de na bearta imscrúdúcháin nó forfheidhmiúcháin atá riachtanach a dhéanamh más rud é:
  - (a) go mainníonn an comhlacht ainmnithe an fhaisnéis atá riachtanach a fháil nó chun a chur faoi deara go scoirfí den sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo nó go dtoirmeascfaí é gan mhoill; nó
  - (b) nach gcomhaontaíonn na húdaráis inniúla lena mbaineann sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo go bhféadfar treoir a thabhairt don chomhlacht ainmnithe de bhun mhír 1.

**▼B**

4. Déanfaidh an t-údarás treorach na bearta uile atá riachtanach chun cosc a chur le nochtadh faisnéise atá faoi réir na rialacha maidir le rúndacht agus le socréideacht ghairmiúil agus tráchtála a leagtar amach in Airteagal 33.

*Airteagal 8***Faisnéis agus liostaí**

1. Cuirfidh gach Ballstát an fhaisnéis seo a leanas agus aon athruithe uirthi in iúl don Choimisiún gan mhoill:

- (a) céannacht agus sonraí teagmhála na n-údarás inniúil, na hoifige idirchaidrimh aonair, na gcomhlachtaí ainmnithe agus na n-eintiteas a eisíonn foláirimh sheachtracha de bhun Airteagal 27(1); agus
- (b) faisnéis maidir le heagrúchán, cumhachtaí agus cúraimí na n-údarás inniúil.

2. Déanfaidh an Coimisiún liosta a mbeidh fáil ag an bpobal air de na hoifigí idirchaidrimh aonair, de na húdaráis inniúla, de na comhlachtaí agus eintitis ainmnithe a eisíonn foláirimh sheachtracha de bhun Airteagal 27(1) nó(2) a chothabháil agus a uasdátú ar a shuíomh gréasáin.

*Airteagal 9***Íoschumhachtaí na n-údarás inniúil**

1. Beidh ag gach údarás inniúil na cumhachtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin de bhun mhíreanna 3, 4, 6 agus 7 den Airteagal seo atá riachtanach chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus feidhmeoidh sé iad faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10.

2. D'ainneoin mhír 1, agus ar choinníoll go bhféadfaidh údarás inniúil amháin ar a laghad gach cumhacht de na cumhachtaí sin a fheidhmiú go héifeachtach agus de réir mar atá riachtanach i ndáil le haon sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 10, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan na cumhachtaí uile a thabhairt do gach údarás inniúil.

3. Beidh ag na húdaráis inniúla na cumhachtaí imscrúdúcháin seo a leanas, ar a laghad:

- (a) an chumhacht chun rochtain a fháil ar aon doiciméid, sonraí nó faisnéis ábhartha a bhaineann le sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo, gan beann ar a bhfoirm ná ar a bhformáid, ar mheán a stórála ná ar an ionad ina stóráiltear iad;
- (b) an chumhacht chun a cheangal ar aon údarás poiblí, comhlacht nó gníomhaireacht laistigh dá mBallstát aon fhaisnéis ábhartha, sonraí nó doiciméid in aon fhoirm nó formáid gan beann ar mheán nó ionad a stórála, a sholáthar agus/nó sin a cheangal ar aon duine nádúrtha nó ar aon duine dlítheanach chun a shuí a ndearnadh sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo nó an bhfuil sé á dhéanamh, agus chun tréithe an tsáraithe sin a shuíomh, lena n-áirítear a shreabha airgeadais agus a mhionsonraí a rianú, céannacht daoine a fhionnadh a bhfuil baint acu le sreabha airgeadais, agus sonraí, faisnéis faoi chuntais bainc, agus úinéireacht suíomhanna gréasáin a fhionnadh;

**▼B**

- (c) an chumhacht chun aon chigireachtaí atá riachtanach a dhéanamh ar an láthair, lena n-áirítear an chumhacht dul isteach in aon áitreabh, ar aon talamh nó in aon chóir iompair a úsáideann an trádálaí lena mbaineann an chigireacht chun críocha a bhaineann lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm, nó a iarraidh ar údaráis eile é sin a dhéanamh chun cóipeanna d'fhaisnéis, de shonraí nó de doiciméid a scrúdú, a ghabháil, a thógáil nó a fháil, gan beann ar mheán a stórála; an chumhacht chun aon fhaisnéis, sonraí nó doiciméad a ghabháil ar feadh pé tréimhse atá riachtanach agus a mhéid atá sé sin riachtanach chun an chigireacht a dhéanamh; an chumhacht chun a iarraidh ar aon ionadaí nó ball foirne de chuid an trádálaí lena mbaineann an chigireacht mínithe a thabhairt ar fhíricí nó faisnéis a sholáthar, sonraí nó doiciméid a bhaineann le hábhar na cigireachta agus na freagraí a thairfeadh;
- (d) an chumhacht chun earraí nó seirbhísí a cheannach mar cheannacháin tástála, lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil sé sin riachtanach, faoi chéannacht cheilte, d'fhonn sárúithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo a bhrath agus fianaise a fháil, lena n-áirítear an chumhacht chun cigireacht a dhéanamh ar earraí nó seirbhísí, iad a ghrinníú nó staidéar a dhéanamh orthu, iad a dhíchóimeáil nó a thástáil.
4. Beidh na cumhachtaí forfheidhmiúcháin seo a leanas ar a laghad ag na húdaráis inniúla:
- (a) an chumhacht chun bearta eatramhacha a ghlacadh chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach do chomhleasanna tomhaltóirí a sheachaint;
- (b) an chumhacht chun féachaint le gealltanais a fháil nó chun glacadh le gealltanais ón trádálaí atá freagrach as an sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo go scoirfidh sé den sárú sin;
- (c) an chumhacht chun a fháil ón trádálaí, ar thionscnamh an trádálaí, gealltanais bhreise feabhais do thomhaltóirí a ndearna an sárú liomhnaithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo difear dóibh, nó i gcás inarb iomchuí, féachaint le gealltanais iarraidh ar an trádálaí leigheasanna dóthanacha a thairiscint do na tomhaltóirí sin a ndearna an sárú sin difear dóibh;
- (d) i gcás inarb infheidhme, trí mheáin iomchuí, an chumhacht chun tomhaltóirí a éilíonn go ndearnadh díobháil dóibh i ngeall ar shárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo a chur ar an eolas faoin modh chun cúiteamh a lorg dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta;
- (e) an chumhacht chun a ordú i scríbhinn go scoirfeadh an trádálaí de na sárúithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo;
- (f) an chumhacht chun a chur faoi deara go scoirfí de na sárúithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo nó go dtoirmeasfaí iad;
- (g) i gcás nach mbeidh aon mhodh éifeachtach eile ar fáil chun a chur faoi deara go scoirfí den sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo nó go dtoirmeasfaí é, chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach do chomhleasanna na dtomhaltóirí a sheachaint;



**▼B**

- (i) an chumhacht chun ábhar a bhaint nó rochtain a shrianadh ar chomhéadan ar líne nó a ordú go gcuirfí rabhadh ar taispeáint go sainráite a bheadh le feiceáil ag tomhaltóirí agus iad ag rochtain comhéadain ar líne;
- (ii) an chumhacht chun a ordú do sholáthraí seirbhíse óstála an rochtain ar an gcomhéadan ar líne a bhaint, a chur as feidhm, nó a shrianadh; nó
- (iii) i gcás inarb iomchuí, an chumhacht chun a ordú do chláraitheoirí nó do chlárlanna fearann ainm fearainn láncháilithe a scriosadh go hiomlán agus cead a thabhairt don údarás inniúil lena mbaineann an fearann sin a chlárú iad féin;

lena n-áirítear trína iarraidh ar thríú páirtí nó údarás poiblí eile bearta den sórt sin a chur chun feidhme;

- (h) an chumhacht chun pionóis a fhorchur, amhail fineálacha nó íocaíochtaí tréimhsiúla pionóis, as sárúithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus as mainneachtain aon chinneadh, ordú, beart eatramhach, gealltanais de chuid trádálaí nó beart eile, arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, a chomhlíonadh.

Beidh na pionóis dá dtagraítear i bpointe (h) éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, i gcomhréir le ceanglais dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí. Go háirithe, tabharfar aird chuí, de réir mar is iomchuí, ar chineál, thromchúis agus fad an tsáraithe atá i gceist.

5. Maidir leis an gcumhacht chun pionóis, mar shampla fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla, a fhorchur le haghaidh sárúithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo, baineann sí le haon sárú ar dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí, i gcás ina bhforáiltear do phionóis i ngníomh ábhartha an Aontais atá liostaithe san Iarscríbhinn. Ní dochar é sin don chumhacht atá ag na húdaráis náisiúnta faoin dlí náisiúnta chun pionóis a fhorchur, mar shampla fineálacha riaracháin nó fineálacha eile nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla, i gcásanna nach bhforáiltear do phionóis i ngníomhartha an Aontais atá liostaithe san Iarscríbhinn.

6. Beidh sé de chumhacht ag údaráis inniúla ar a dtionscnamh féin tús a chur le himscrúduithe nó le nósanna imeachta chun a chur faoi deara go scoirfí de shárúithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo nó go dtoirmeascfaí iad.

7. Féadfaidh údaráis inniúla aon chinneadh deiridh, gealltanais ó thrádálaí nó ordúithe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo a fhoilsiú, lena n-áirítear céannacht an trádálaí atá freagrach as sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo a fhoilsiú.

8. Féadfaidh údaráis inniúla dul i gcomhairle, i gcás inarb infheidhme, le heagraíochtaí tomhaltóirí, comhlachais trádálaithe, comhlachtaí ainmnithe nó aon duine eile lena mbaineann faoi éifeachtúlacht na ngealltanais arna dtogruí chun deireadh a chur leis an sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

*Airteagal 10***Na híoshcumhachtaí a fheidhmiú**

1. Déanfar na cumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 9 a fheidhmiú, cibé:

- (a) ag údaráis inniúla go díreach faoina n-údarás féin;

**▼B**

- (b) más iomchuí, trí dhul ar iontaoibh údaráis inniúla eile nó údaráis phoiblí eile;
- (c) trí threoir a thabhairt do chomhlachtaí ainmnithe, más infheidhme; nó
- (d) trí iarratas a dhéanamh chuig cúirteanna atá inniúil chun an cinneadh atá riachtanach a dheonú, lena n-áirítear, i gcás inar iomchuí, trí achomharc a dhéanamh mura n-éiríonn leis an iarratas go ndeonófar an cinneadh atá riachtanach.

2. Beidh cur chun feidhme agus feidhmiú na gcumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 9 i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo comhréireach agus comhlíonfaidh sé dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, lena n-áirítear coimircí nós imeachta infheidhme agus prionsabail Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Beidh na bearta imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin arna nglacadh i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo iomchuí do chineál agus do dhíobháil fhoriomlán iarbhír nó fhéideartha an tsáraithe ar dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí.

## CAIBIDIL III

## SÁSRA UM CHÚNAMH FRITHPHÁIRTEACH

*Airteagal 11***Iarrataí ar fhaisnéis**

1. Ar iarraidh a fháil ó údarás is iarratasóir, déanfaidh údarás faighte iarrata, gan mhoill, agus ar aon chaoi laistigh de 30 lá, mura gcomhaontaítear a mhalairt, aon fhaisnéis ábhartha a thabhairt don údarás is iarratasóir atá riachtanach chun a shuíomh an ndearnadh sárú laistigh den Aontas nó an bhfuil sárú den sórt sin á dhéanamh, agus chun a chur faoi deara go scoirfí den sárú sin.

2. Déanfaidh an t-údarás faighte iarrata na himscrúduithe is iomchuí agus atá riachtanach nó glacfaidh sé aon bhearta eile atá riachtanach nó is iomchuí d'fhonn an fhaisnéis a cheanglaítear a fháil. Más gá, déanfar na himscrúduithe sin i gcomhar le húdaráis phoiblí eile nó le comhlachtaí ainmnithe eile.

3. Ar iarratas a fháil ón údarás is iarratasóir, féadfaidh an t-údarás faighte iarrata cead a thabhairt d'oifigigh de chuid an údaráis is iarratasóir a bheith in éineacht le hoifigigh an údaráis faighte iarrata i gcúrsa a n-imscrúduithe.

*Airteagal 12***Iarrataí ar bhearta forfheidhmiúcháin**

1. Ar iarraidh a fháil ó údarás is iarratasóir, déanfaidh údarás faighte iarrata gach beart forfheidhmiúcháin atá riachtanach agus comhréireach chun a chur faoi deara go scoirfí den sárú laistigh den Aontas nó go dtoirmeascfaí é trí chumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 9 agus aon chumhachtaí breise arna ndeonú dó faoin dlí náisiúnta a fheidhmiú. Cinnfidh an t-údarás faighte iarrata na bearta iomchuí forfheidhmiúcháin is gá chun a chur faoi deara go scoirfí den sárú laistigh den Aontas nó go dtoirmeascfaí é agus déanfaidh sé iad gan mhoill ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an iarraidh a fháil, mura dtugann sé cúiseanna sonracha leis an tréimhse sin a fhadú. I gcás inar iomchuí, forchuirfidh an t-údarás faighte iarrata pionóis, amhail fineálacha nó iocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla, ar an trádálaí atá freagrach as an

**▼B**

sárú laistigh den Aontas. Féadfaidh an t-údarás faighte iarrata, ar thionscnamh an trádálaí, gealltanais bhreise feabhais a fháil ón trádálaí do thomhaltóirí a ndearna an sárú liomhnaithe laistigh den Aontas difear dóibh, nó i gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé féachaint le gealltanais a fháil ón trádálaí go dtairgfídh sé leigheasanna dóthanacha do thomhaltóirí a ndearna an sárú sin difear dóibh.

2. Cuirfidh an t-údarás faighte iarrata an t-údarás is iarratasóir ar an eolas go rialta faoi na céimeanna agus na bearta atá glactha agus faoi na céimeanna agus na bearta a bhfuil sé i gceist aige a ghlacadh. Trí bhíthin an bhunachair sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 35, tabharfaidh an t-údarás faighte iarrata fógra gan mhoill don údarás is iarratasóir, d'údaráis inniúla Ballstát eile agus don Choimisiún faoi na bearta a rinneadh agus an tionchar a bhí ag na bearta sin ar an sárú laistigh den Aontas, agus luafar na nithe seo a leanas:

- (a) cé acu ar forchuireadh bearta eatramhacha nó nár forchuireadh;
- (b) cé acu ar scoireadh den sárú nó nár scoireadh;
- (c) cé na bearta a glacadh, agus cé acu a cuireadh na bearta sin chun feidhme nó nár cuireadh;
- (d) a mhéid a tairgeadh gealltanais feabhais do thomhaltóirí a ndearna an sárú liomhnaithe difear dóibh.

*Airteagal 13***Nós imeachta um iarrataí ar chúnamh frithpháirteach**

1. Le linn aon iarratas ar chúnamh frithpháirteach a dhéanamh, tabharfaidh an t-údarás is iarratasóir an fhaisnéis atá riachtanach chun é a chur ar chumas údarás faighte iarrata an iarraidh sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear aon fhianaise atá riachtanach agus nach féidir a fháil ach i mBallstát an údaráis is iarratasóir.

2. Déanfaidh an t-údarás is iarratasóir iarrataí ar chúnamh frithpháirteach a sheoladh chuig an oifig idirchaidrimh aonair atá ag Ballstát an údaráis faighte iarrata agus chuig an oifig idirchaidrimh aonair atá ag Ballstát an údaráis is iarratasóir, mar eolas dóibh. Déanfaidh an oifig idirchaidrimh aonair atá ag Ballstát an údaráis faighte iarrata na hiarrataí a chur ar aghaidh chuig an údarás inniúil iomchuí gan mhoill.

3. Maidir le hiarrataí ar chúnamh frithpháirteach agus leis na cumarsáidí uile atá nasctha leo, is i scríbhinn a dhéanfar iad, ag úsáid na bhfoirmeacha caighdeánacha, agus seolfar go leictreonach iad tríd an mbunachar sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 35.

4. Tiocfaidh na húdaráis lena mbaineann ar chomhaontú faoi na teangacha a bheidh le húsáid sna hiarrataí ar chúnamh frithpháirteach agus sna cumarsáidí uile atá nasctha leo.

5. Mura féidir teacht ar shocrú faoi theangacha, is i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla Bhallstát an údaráis is iarratasóir a bheidh na hiarrataí agus is i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla Bhallstát an údaráis faighte iarrata a bheidh na freagraí. Sa chás sin, beidh gach údarás inniúil freagrach as na haistriúcháin atá riachtanach ar na hiarrataí, ar na freagraí agus ar na doiciméid eile a gheobhaidh sé ó údarás inniúil eile.

**▼B**

6. Tabharfaidh an t-údarás faighte iarrata freagra go díreach don údarás is iarratasóir agus d'oifigí idirchaidrimh aonair Ballstát an údaráis is iarratasóir agus d'oifigí idirchaidrimh aonair Bhallstát an údaráis faighte iarrata.

*Airteagal 14***Diúltú iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a chomhlíonadh**

1. Féadfaidh údarás faighte iarrata diúltú iarraidh ar fhaisnéis arna déanamh faoi Airteagal 11 a chomhlíonadh, más ann do cheann amháin nó níos mó de na cásanna seo:

- (a) i ndiaidh dó dul i gcomhairle leis an údarás is iarratasóir, go ndealraíonn sé nach bhfuil aon ghá ag an údarás is iarratasóir leis an bhfaisnéis chun a shuíomh an ndearnadh sárú nó an bhfuil sárú á dheanamh laistigh den Aontas nó an bhfuil drochamhras réasúnach ann go bhféadfaí sárú a dhéanamh;
- (b) ní mheasann an t-údarás is iarratasóir go bhfuil an fhaisnéis faoi réir na bhforálacha maidir le rúndacht agus maidir le siccídeacht ghairmiúil agus tráchtála a leagtar amach in Airteagal 33;
- (c) tionscnaíodh imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí breithiúnacha cheana i gcoinne an trádálaí chéanna i dtaobh an tsáraithe chéanna laistigh den Aontas os comhair údaráis bhreithiúnacha Bhallstát an údaráis faighte iarrata nó Bhallstát an údaráis is iarratasóir.

2. Féadfaidh údarás faighte iarrata diúltú iarraidh ar bhearta forfheidhmiúcháin a chuirtear isteach faoi Airteagal 12 a chomhlíonadh, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás is iarratasóir, má tá feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas:

- (a) tionscnaíodh imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí breithiúnacha cheana, nó tá breithiúnas, socraíocht chúirte nó ordú breithiúnach ann i gcoinne an trádálaí chéanna i dtaobh an tsáraithe chéanna laistigh den Aontas os comhair údaráis bhreithiúnacha i mBallstát an údaráis iarrtha;
- (b) tionscnaíodh feidhmiú na gcumhachtaí forfheidhmiúcháin atá riachtanach, nó glacadh cinneadh riaracháin cheana i gcoinne an trádálaí chéanna, i dtaobh an tsáraithe chéanna laistigh den Aontas cheana i mBallstát an údaráis iarrtha chun a chur faoi deara go scoirfí den sárú laistigh den Aontas nó go dtoirmeasfaí é go gasta éifeachtach;
- (c) i ndiaidh imscrúdú iomchuí a dhéanamh, tagann an t-údarás iarrtha ar an tátal nach ndearnadh aon sárú laistigh den Aontas;
- (d) tagann an t-údarás iarrtha ar an tátal nár thug an t-údarás is iarratasóir an fhaisnéis atá riachtanach i gcomhréir le hAirteagal 13(1);
- (e) ghlac an t-údarás faighte iarrata le gealltanais a thograigh an trádálaí chun scor den sárú laistigh den Aontas laistigh de teorainn ama shocraithe agus níl an teorainn ama sin caite fós.

Mar sin féin, comhlíonfaidh an t-údarás faighte iarrata an iarraidh ar bhearta forfheidhmiúcháin faoi Airteagal 12 má mhainníonn an trádálaí gealltanais ar glacadh leo a chur chun feidhme laistigh den teorainn ama dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír.

**▼B**

3. Cuirfidh an t-údarás faighte iarrata an t-údarás is iarratasóir agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon diúltú iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a chomhlíonadh mar aon leis na forais atá leis an diúltú sin.

4. I gcás easaontas idir an t-údarás is iarratasóir agus an t-údarás faighte iarrata, féadfaidh an t-údarás is iarratasóir nó an t-údarás faighte iarrata an t-ábhar a tharchur chuig an gCoimisiún, agus is é an Coimisiún a eiseoidh tuairim ar an ábhar gan mhoill. I gcás nach gcuirfean an t-ábhar faoina bhráid, féadfaidh an Coimisiún, mar sin féin, tuairim a eisiúint ar a thionscnamh féin. D'fhonn an tuairim sin a eisiúint, féadfaidh an Coimisiún faisnéis agus doiciméid ábhartha a iarraidh a malartaíodh idir an t-údarás is iarratasóir agus an t-údarás faighte iarrata.

5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar fheidhmiú an tsásra um chúnamh frithpháirteach agus ar a mhéid atá na húdaráis inniúla ag comhlíonadh na nósanna imeachta agus ar na teorainneacha ama d'iarrataí ar chúnamh frithpháirteach a phróiseáil. Beidh rochtain ag an gCoimisiún ar na hiarrataí ar chúnamh frithpháirteach agus ar an bhfaisnéis agus na doiciméid a chuir an t-údarás iarratasóir agus an t-údarás faighte iarrata chuig a chéile.

6. Nuair is iomchuí, féadfaidh an Coimisiún treoir a eisiúint do na Ballstáit agus comhairle a chur orthu chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an sásra um chúnamh frithpháirteach go héifeachtach agus go héifeachtúil.

## CAIBIDIL IV

**SÁSRAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN AGUS FORFHEIDHMIÚCHÁIN  
CHOMHORDAITHE LE HAGHAIDH SÁRUITHE FORLEATHANA  
AGUS LE HAGHAIDH SÁRUITHE FORLEATHANA LENA  
mBAINEANN GNÉ AONTAIS**

*Airteagal 15***Nós imeachta maidir le cinntí idir na Ballstáit**

I gcás ábhar a chumhdaítear sa Chaibidil seo, gníomhóidh na húdaráis inniúla de chomhthoil.

*Airteagal 16***Prionsabail ghinearálta chomhair agus chomhordúcháin**

1. I gcás ina bhfuil drochamhras réasúnach ann go bhfuil sárú forleathan nó sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais á dhéanamh, cuirfidh údaráis inniúla a mbaineann an sárú sin leo agus an Coimisiún a chéile agus na hoifigí idirchaidrimh aonair lena mbaineann an sárú sin ar an eolas gan mhoill faoi sin, trí fholáirimh a eisiúint de bhun Airteagal 26.

2. Comhordóidh na húdaráis inniúla a bhfuil baint acu leis an sárú forleathan nó leis an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais na bearta imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin a ghlacfaidh siad chun aghaidh a thabhairt ar na sárúithe sin. Malartóidh siad an fhianaise agus an fhaisnéis uile atá riachtanach agus tabharfaidh siad cibé cúnamh atá riachtanach dá chéile agus don Choimisiún gan mhoill.

3. Áiritheoidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an sárú forleathan nó an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais go mbaileofar an fhianaise uile agus an fhaisnéis uile atá riachtanach agus go nglacfar gach beart forfheidhmiúcháin atá riachtanach chun a chur faoi deara go scoirfi den sárú sin nó go dtoirmeascfaí é.

**▼B**

4. Gan dochar do mhír 2, ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do ghníomhaíochtaí náisiúnta imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin lena mbaineann arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla lena mbaineann i dtaobh an tsáraithe forleathain chéanna a rinne an trádálaí chéanna.

5. Más iomchuí, féadfaidh na húdaráis inniúla cuireadh a thabhairt d'oifigigh de chuid an Choimisiúin agus do dhaoine tionlacain eile, atá údaraithe ag an gCoimisiún, a bheith rannpháirteach sna himscrúduithe comhordaithe, sna gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus sna bearta eile a chumhdaítear leis an gCaibidil seo.

*Airteagal 17***Gníomhaíocht chomhordaithe a sheoladh agus an comhordaitheoir a ainmniú**

1. I gcás ina bhfuil drochamhras réasúnach ann go bhfuil sárú forleathan ann, seolfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an sárú sin gníomhaíocht chomhordaithe a bheidh bunaithe ar chomhaontú eatarthu. Tabharfar fógra do na hoifigí idirchaidrimh aonair lena mbaineann an sárú sin agus don Choimisiún faoi sheoladh na gníomhaíochta comhordaithe.

2. Ainmneoidh na húdaráis inniúla a bhfuil baint ag an sárú forleathan drochamhrasta leo údarás inniúil amháin lena mbaineann an sárú forleathan drochamhrasta sin eatarthu chun ról an chomhordaitheora a ghlacadh. Mura bhfuil na húdaráis inniúla in ann teacht ar aon chomhaontú faoin ainmniúchán sin, glacfaidh an Coimisiún ról an chomhordaitheora.

3. Má tá drochamhras réasúnach ar an gCoimisiún go ndearnadh sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais, tabharfaidh sé fógra gan mhoill de bhun Airteagal 26 do na húdaráis inniúla agus do na hoifigí idirchaidrimh aonair lena mbaineann an sárú liomhnaithe. Luafaidh an Coimisiún san fhógra na forais lena dtugtar bonn cirt don ghníomhaíocht chomhordaithe a d'fhéadfaí a dhéanamh. Déanfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais imscrúduithe iomchuí bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dóibh nó a bhfuil teacht éasca acu uirthi. Tabharfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais fógra faoi thorthaí na n-imscrúduithe sin do na húdaráis inniúla eile, do na hoifigí idirchaidrimh aonair lena mbaineann an sárú sin agus don Choimisiún de bhun Airteagal 26, laistigh de 1 mhí amháin tar éis dháta fhógra an Choimisiúin. I gcás inar léir ó na himscrúduithe sin go bhféadfadh sé go bhfuil sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais á dhéanamh, cuirfidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an sárú sin tús leis an ngníomhaíocht chomhordaithe agus déanfaidh siad na bearta a leagtar amach in Airteagal 19 agus, i gcás inarb iomchuí, in Airteagal 20 agus Airteagal 21.

4. Na gníomhaíochtaí comhordaithe dá dtagraítear i mír 3, comhordóidh an Coimisiún í.

5. Beidh údarás inniúil rannpháirteach sa ghníomhaíocht chomhordaithe, más rud é, le linn na gníomhaíochta comhordaithe gur dealraitheach go bhfuil baint aige leis an sárú forleathan nó an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais.

*Airteagal 18***Cúiseanna le diúltú páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht chomhordaithe**

1. Féadfaidh údarás inniúil diúltú páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht chomhordaithe ar aon cheann de na cúiseanna seo a leanas:

**▼B**

- (a) i gcoinne an trádálaí chéanna, tionscnaíodh imscrúdú coiriúil nó imeachtaí breithiúnacha cheana, tugadh breithiúnas, nó thángthas ar shocraíocht chúirte, maidir leis an sárú céanna i mBallstát an údaráis inniúil;
- (b) tionscnaíodh feidhmiú na gcumhachtaí forfheidhmiúcháin atá riachtanach sular eisíodh foláireamh dá dtagraítear in Airteagal 17(3), nó glacadh cinneadh riaracháin i gcoinne an trádálaí chéanna maidir leis an sárú céanna i mBallstát an údaráis inniúil sin chun a chur faoi deara go scoirfí den sárú forleathan nó den sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais nó go dtoirmeasfaí é go gasta éifeachtach;
- (c) tar éis imscrúdú iomchuí a dhéanamh, is dealraitheach gur diomaibhseach é tionchar iarbhir nó féideartha an tsáraithe forleathain nó an tsáraithe fhorleathain lena mbaineann gné Aontais líomhnaithe i mBallstát an údaráis inniúil agus nach gá don údarás inniúil sin aon bhearta forfheidhmiúcháin a ghlacadh dá bhri sin;
- (d) níor tharla an sárú forleathan nó an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais i mBallstát an údaráis inniúil agus ní gá don údarás inniúil aon bhearta forfheidhmiúcháin a ghlacadh dá bhri sin;
- (e) ghlac an t-údarás inniúil le gealltanais a thograigh an trádálaí atá freagrach as an sárú forleathan nó an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais scor den sárú sin i mBallstát an údaráis inniúil sin agus cuireadh na gealltanais sin chun feidhme, agus ní gá don údarás inniúil sin aon bhearta forfheidhmiúcháin a ghlacadh dá bhri sin.

2. I gcás ina ndíulthaíonn údarás inniúil páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht chomhordaithe, cuirfidh sé an Coimisiún, agus na húdaráis inniúla eile agus na hoifigí idirchaidrimh aonair lena mbaineann an sárú forleathan nó leis an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais ar an eolas faoina chinneadh gan mhoill, agus na cúiseanna atá lena chinneadh á lua aige agus aon doiciméid tacaíochta atá riachtanach á soláthar aige.

*Airteagal 19***Bearta imscrúdúcháin i ngníomhaíochtaí comhordaithe**

1. Áiríteoidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe go ndéanfar imscrúduithe agus cigireachtaí ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus comhordaithe. Féachfaidh siad le himscrúduithe agus le cigireachtaí a dhéanamh i gcomthhráth le chéile agus, a mhéid a cheadaítear amhlaidh faoin dlí nós imeachta náisiúnta, le bearta eatramhacha a chur i bhfeidhm.

2. Féadfar úsáid a bhaint as an sásra um chúnamh frithpháirteach de bhun Chaibidil III, má tá gá leis, go háirithe chun an fhianaise atá riachtanach agus faisnéis eile a bhailiú ó Bhallstáit seachas na Ballstáit a bhfuil baint ag an ngníomhaíocht chomhordaithe leo nó chun a áirithiú nach rachaidh an trádálaí lena mbaineann timpeall ar na bearta forfheidhmiúcháin.

3. Más iomchuí, déanfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe toradh an imscrúdaithe agus an mheasúnaithe ar an sárú forleathan nó, i gcás inarb iomchuí, ar an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais, a leagan amach i gcomhsheasamh ar chomhaontaigh siad air.

**▼B**

4. Mura gcomhaontaítear a mhalairt idir na húdaráis inniúla lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe, cuirfidh an comhordaitheoir an comhsheasamh in iúl don trádálaí atá freagrach as an sárú forleathan nó as an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais. Tabharfar an deis don trádálaí atá freagrach as an sárú forleathan nó as an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais éisteacht a fháil faoi na hábhair ar cuid den chomhsheasamh iad.

5. 4. Más iomchuí agus gan díobháil d’Airteagal 15 nó do na rialacha maidir le rúndacht agus maidir le socrú ghairmiúil agus tráchtála atá leagtha amach in Airteagal 33, cinnfidh na húdaráis inniúla lena mbaineann go bhfoilseoidh siad an comhsheasamh nó codanna de ar a suíomhanna gréasáin agus féadfaidh siad tuairimí eagraíochtaí tomhaltóirí, chomhlachais trádálaithe agus páirtithe eile lena mbaineann a lorg. Foilseoidh an Coimisiún an comhsheasamh nó codanna de ar a shuíomh gréasáin, le comhaontú na n-údarás inniúil lena mbaineann.

*Airteagal 20***Gealltanais i ngníomhaíochtaí comhordaithe**

1. Ar bhonn comhsheasamh a ghlacfar de bhun Airteagal 19(3), féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe iarraidh ar an trádálaí atá freagrach as an sárú forleathan nó as an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais, gealltanais a thogru chun scor den sárú sin laistigh de theorainn ama shocráithe. Lena chois sin, féadfaidh an trádálaí, ar a thionscnamh féin, gealltanais a thairiscint chun scor den sárú sin nó féadfaidh sé gealltanais feabhais a thairiscint do thomhaltóirí a ndearna an sárú sin difear dóibh.

2. Más iomchuí agus gan dochar do na rialacha maidir le rúndacht agus socrú ghairmiúil agus tráchtála a leagtar amach in Airteagal 33, féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe na gealltanais a thograigh an trádálaí atá freagrach as an sárú forleathan nó as an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin nó, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún na gealltanais arna dtogru a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin má iarrann na húdaráis inniúla lena mbaineann air déanamh amhlaidh. Féadfaidh na húdaráis inniúla agus an Coimisiún tuairimí eagraíochtaí tomhaltóirí agus chomhlachais trádálaithe agus páirtithe eile lena mbaineann a lorg.

3. Measúnóidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe na gealltanais arna dtogru agus cuirfidh siad toradh an mheasúnaithe in iúl don trádálaí atá freagrach as an sárú forleathan nó an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais, agus, i gcás inarb infheidhme, más rud é gur thairg an trádálaí gealltanais feabhais, déanfaidh siad tomhaltóirí a eilíonn go ndearnadh díobháil dóibh mar thoradh ar an sárú sin a chur ar an eolas faoi. I gcás gur comhréireach agus leordhóthanach gealltanais chun a chur faoi deara go scoirfí den sárú forleathan nó den sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais nó go dtóirmeascfaí é, glacfaidh na húdaráis inniúla leis na gealltanais agus socróidh siad teorainn ama ar gá na gealltanais a chur chun feidhme lena linn.

4. Déanfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe faireachán ar chur chun feidhme na ngealltanais. Áiritheoidh siad, go háirithe, go dtabharfaidh an trádálaí lena mbaineann sárú forleathan nó leis an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais



**▼B**

tuairisc go tráthrialta don chomhordaitheoir faoin dul chun cinn i leith chur chun feidhme na ngealltanais. Féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe, más iomchuí, tuairimí eagraíochtaí tomhaltóirí agus saineolaithe a lorg le fíorú an bhfuil na céimeanna a ghlac an trádálaí ar aon dul leis na gealltanais.

*Airteagal 21***Bearta forfheidhmiúcháin i ngníomhaíochtaí comhordaithe**

1. Glacfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann, laistigh dá ndlínse, gach beart forfheidhmiúcháin atá riachtanach in aghaidh an trádálaí atá freagrach as an sárú forleathan nóas an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais chun a chur faoi deara go scoirfí den sárú sin nó go dtuirmeascfaí é.

Más iomchuí, forchuirfidh siad pionóis, amhail fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla, ar an trádálaí atá freagrach as an sárú forleathan nó as an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais. Féadfaidh na húdaráis iomchuí, ar a dtionscnamh féin, gealltanais bhreise feabhais a fháil ón trádálaí chun leasanna tomhaltóirí a ndearna an sárú forleathan nó an sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais líomhnaithe, difear dó nó i gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé féachaint le gealltanais a fháil ón trádálaí go dtairgfídh sé leigheasanna leordhóthanacha do na tomhaltóirí lena mbaineann an sárú sin.

Is iomchuí bearta forfheidhmiúcháin go háirithe sna cásanna seo a leanas:

- (a) tá gníomhaíocht fhorfheidhmiúcháin láithreach riachtanach chun a chur faoi deara go scoirfí den sárú laistigh den Aontas nó go dtuirmeascfaí é go gasta éifeachtach;
- (b) ní dóigh go scoirfear den sárú de bharr na ngealltanais a thograigh an trádálaí atá freagrach as an sárú;
- (c) níor mhol an trádálaí atá freagrach as an sárú gealltanais roimh dhul in éag don teorainn ama a shocraíonn na húdaráis inniúla lena mbaineann;
- (d) níl na gealltanais a thograigh an trádálaí atá freagrach as an sárú leordhóthanach chun a áirithiú go scoirfí den sárú, nó, i gcás inarb iomchuí, chun leigheas a chur ar fáil do thomhaltóirí a ndearna an sárú díobháil dóibh; nó
- (e) mhainnigh an trádálaí atá freagrach as an sárú na gealltanais chun scor den sárú a chur chun feidhme nó, i gcás inarb iomchuí, chun leigheas a chur ar fáil do thomhaltóirí a ndearna an sárú díobháil dóibh, roimh dhul in éag don teorainn ama dá tagraítear in Airteagal 20(3).

2. Glacfar bearta forfheidhmiúcháin de bhun mhír 1 ar mhodh éifeachtach, éifeachtúil agus comhordaithe chun a chur faoi deara go scoirfí den sárú forleathan nó den sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais nó go dtuirmeascfaí é. Féachfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe le bearta forfheidhmiúcháin a ghlacadh go comhuaineach sna Ballstáit a bhfuil baint ag an sárú sin leo.

**▼B***Airteagal 22***Na gníomhaíochtaí comhordaithe a dhúnadh**

1. Cuirfear clabhsúr ar an ngníomhaíocht chomhordaithe má thagann na húdaráis inniúla lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe ar an tátal gur scoireadh den sárú forleathan nó den sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais nó gur toirmeascadh é i ngach Ballstát lena mbaineann nó nach ndearnadh aon sárú den sórt sin.
2. Tabharfaidh an comhordaitheoir fógra don Choimisiún agus, i gcás inarb infheidhme, do na húdaráis inniúla agus d'oifigí idirchaidrimh aonair na mBallstát lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe gan mhoill faoin gclabhsúr a cuireadh ar an ngníomhaíocht chomhordaithe.

*Airteagal 23***Ról an chomhordaitheora**

1. Déanfaidh an comhordaitheoir a cheapfar i gcomhréir le hAirteagal 17 nó Airteagal 29 na nithe seo a leanas go háirithe:
  - (a) áiritheoidh sé go gcuirfear na húdaráis inniúla uile lena mbaineann agus an Coimisiún ar an eolas go cuí agus go tráthúil faoi dhul chun cinn na gníomhaíochta forfheidhmiúcháin, na chéad chéimeanna eile a bhfuiltear ag súil leo agus faoi na bearta atá le glacadh;
  - (b) comhordóidh sé bearta imscrúdúcháin a dhéanfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann i gcomhréir leis an Rialachán seo agus déanfaidh sé faireachán orthu;
  - (c) comhordóidh sé ullmhú agus comhroinnt na ndoiciméad uile atá riachtanach idir na húdaráis inniúla lena mbaineann agus an Coimisiún;
  - (d) coinneoidh sé i dteagmháil leis an trádálaí agus le páirtithe eile a bhfuil baint acu leis na, bearta imscrúdúcháin nó forfheidhmiúcháin, murar chomhaontaigh na húdaráis inniúla lena mbaineann agus an comhordaitheoir a mhalairt;
  - (e) i gcás inarb infheidhme comhordóidh sé an measúnú, na comhairliúcháin agus faireachán a dhéanann na húdaráis inniúla lena mbaineann maille le céimeanna eile is gá chun gealltanais a thograigh na trádálaithe lena mbaineann a phróiseáil agus a chur chun feidhme;
  - (f) i gcás inarb infheidhme, comhordú a dhéanamh ar na bearta forfheidhmiúcháin a ghlac na húdaráis inniúla lena mbaineann;
  - (g) comhordú a dhéanamh ar iarrataí ar chúnamh frithpháirteach a chuir na húdaráis inniúla lena mbaineann isteach de bhun Chaibidil III.
2. Ní mheasfar go bhfuil an comhordaitheoir freagrach as gníomhaíochtaí ná as neamhghníomhaíochtaí na n-údarás inniúil lena mbaineann agus iad ag úsáid na gcumhachtaí atá leagtha amach in Airteagal 9.
3. I gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí comhordaithe le sárúithe forleathana nó sárúithe forleathana lena mbaineann gné Aontais ar ghníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 2(10), iarrfaidh an comhordaitheoir ar an Údarás Baincéireachta Eorpach gníomhú i ról breathnóra.

**▼B***Airteagal 24***Socruithe teanga**

1. Tiocfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann ar chomhaontú faoi na teangacha a úsáidfídh siad chun fógra a thabhairt agus sna cumarsáidí uile eile atá nasctha leis na gníomhaíochtaí comhordaithe agus leis na scuab-imscrúduithe a chumhdaítear leis an gCaibidil seo.
2. Mura féidir leis na húdaráis inniúla lena mbaineann teacht ar chomhaontú faoin méid sin, is i dteanga oifigiúil an Bhallstáit a bheidh ag déanamh an fhógra nó a bheidh i mbun gach cumarsáide eile a sheolfar na fógraí agus gach cumarsáid eile. Sa chás sin, más gá, beidh gach údarás inniúil lena mbaineann freagrach as cibé aistriúcháin is gá ar na fógraí, ar an gcumarsáid agus ar na doiciméid uile a gheobhaidh sé ó údaráis inniúla eile.

*Airteagal 25***Socruithe teanga chun cumarsáid a dhéanamh le trádálaithe**

Chun críocha na nósanna imeachta a leagtar amach sa Chaibidil seo, beidh an trádálaí i dteideal cumarsáid a dhéanamh sa teanga oifigiúil nó i gceann de na teangacha oifigiúla a úsáidtear chun críocha oifigiúla sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe nó ina bhfuil cónaí air.

## CAIBIDIL V

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE-AONTAIS***Airteagal 26***Foláirimh**

1. Tabharfaidh údarás inniúil fógra gan mhoill don Choimisiún, d'údaráis inniúla eile agus d'oifigí idirchaidreamh aonair maidir le haon drochamhras réasúnach go bhfuil sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo a dhéanfadh difear do leasanna tomhaltóirí i mBallstáit eile á dhéanamh ina chríoch féin.
2. Tabharfaidh an Coimisiún fógra gan mhoill do na húdaráis inniúla agus na hoifigí idirchaidrimh aonair lena mbaineann maidir le haon drochamhras réasúnach gur tharla sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo.
3. Le linn don údarás inniúil nó don Choimisiún fógra a thabhairt, is é sin foláireamh a eisiúint, faoi mhír 1 agus mhír 2, faoin sárú drochamhrasta a chumhdaítear leis an Rialachán seo go háirithe, agus, má tá sí ar fáil, maidir leis an méid seo a leanas:
  - (a) tuairisc ar an ngníomh nó ar an neamhghníomh arb é an sárú é;
  - (b) mionsonraí an táirge nó an tseirbhís lena mbaineann an sárú;
  - (c) ainmneacha na mBallstát lena mbaineann an sárú nó na mBallstát a bhféadfadh baint a bheith acu leis an sárú;
  - (d) céannacht an trádálaí nó na dtrádálaithe atá freagrach as an sárú nó a bhfuil drochamhras ann go bhfuil sé nó siad freagrach as;

**▼B**

- (e) an bunús dlí atá le gníomhaíochtaí féideartha trí thagairt a dhéanamh don dlí náisiúnta agus d'fhorálacha comhfhreagracha ghníomhartha dlí an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn;
- (f) tuairisc ar aon imeachtaí dlíthiúla, aon bhearta forfheidhmiúcháin nó aon bhearta eile a rinneadh agus a bhaineann leis an sárú, na dátaí agus an t-achar ama a bhaineann leo mar aon leis an stádas díobh;
- (g) céannacht na n-údarás inniúil a bhfuil na himeachtaí dlíthiúla agus bearta eile á dtabhairt acu.

4. Le linn dó foláireamh a eisiúint, féadfaidh an t-údarás inniúil a iarraidh ar údarás inniúla eile agus ar na hoifigí idirchaidrimh aonair ábhartha sna Ballstáit eile agus ar an gCoimisiún, nó féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na húdarás inniúla eile nó ar na hoifigí idirchaidrimh aonair ábhartha, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil nó a bhfuil rochtain fhurasta uirthi ag na húdarás inniúla eile nó ag an gCoimisiún, faoi seach, a fhíorú an bhfuil sáruithe comhchosúla drochamhrasta á ndéanamh i gcéiríoch na mBallstát eile sin nó an ndearnadh aon bhearta forfheidhmiúcháin cheana i gcoinne sáruithe den sórt sin sna Ballstáit sin. Tabharfaidh údarás inniúla na mBallstát eile agus an Coimisiún freagra gan mhoill ar an iarraidh.

*Airteagal 27***Foláirimh sheachtracha**

1. Déanfaidh gach Ballstát, mura rud nach mbeadh bonn cirt dá mhalairt, ceart a thabhairt do chomhlachtaí ainmnithe, Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí, eagraíochtaí agus comhlachais tomhaltóirí, agus, i gcás inarb iomchuí, comhlachais trádálaithe, a bhfuil an saineolas is gá acu an chumhacht foláireamh a eisiúint d'údarás inniúla na mBallstát ábhartha agus don Choimisiún faoi sháruithe drochamhrasta a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus chun faisnéis atá ar fáil dóibh a sholáthar mar a leagtar síos in Airteagal 26(3) (“foláireamh seachtrach”). Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún faoi liosta na n-eintiteas sin agus faoi aon athruithe a dhéantar air gan mhoill.

2. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit, an chumhacht a thabhairt do chomhlachais a ionadaíonn leasanna tomhaltóirí agus, i gcás inarb iomchuí, leasanna trádálaithe, ar leibhéal an Aontais an chumhacht chun foláireamh seachtrach a eisiúint.

3. Ní bheidh de cheangal ar na húdarás inniúla nós imeachta a thionscnamh ná aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh mar fhreagairt ar fholáireamh seachtrach. Na heintitis a eisíonn foláirimh sheachtracha, áiritheoidh siad go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil ceart, cothrom le dáta agus cruinn agus déanfaidh siad an fhaisnéis ar tugadh fógra fúithi a cheartú gan mhoill nó í a aistarraingt de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 28***Faisnéis ábhartha eile a mhalartú chun sáruithe a bhrath**

A mhéid atá sé sin riachtanach chun cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú, déanfaidh údarás inniúla, tríd an mbunachar sonraí leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 35, fógra a thabhairt don Choimisiún agus d'údarás inniúla na mBallstát lena mbaineann gan mhoill maidir le haon bheart atá déanta acu chun aghaidh a thabhairt ar sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo laistigh dá ndlínse má tá drochamhras orthu go bhféadfadh an sárú sin difear a dhéanamh do leasanna tomhaltóirí i mBallstáit eile.



*Airteagal 29*

**Scuab-imscrúduithe**

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh scuab-imscrúduithe a dhéanamh chun a sheiceáil go bhfuil dlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí á gcomhlíonadh nó chun sárúithe ar dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí a bhrath. Murar chomhaontaigh na húdaráis inniúla lena mbaineann a mhalairt, is é an Coimisiún a chomhordóidh na scuab-imscrúduithe.
2. Agus scuab-imscrúduithe ar siúl acu, féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann úsáid éifeachtach a bhaint as na cumhachtaí imscrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 9(3) agus as aon chumhachtaí eile a thugtar dóibh faoin dlí náisiúnta.
3. Féadfaidh na húdaráis inniúla cuireadh a thabhairt do chomhlachtaí ainmnithe, d'oifigigh de chuid an Choimisiúin agus do dhaoine tionlacain eile atá údaraithe ag an Coimisiún, páirt a ghlacadh i scuab-imscrúduithe.

*Airteagal 30*

**Gníomhaíochtaí eile a chomhordú a rannchuidíonn le himscrúdú agus le forfheidhmiú**

1. A mhéid atá sé sin riachtanach chun cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú, cuirfidh na Ballstáit a chéile agus an Coimisiún ar an eolas faoina gníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas:
  - (a) an oiliúint a chuirtear ar na hoifigigh acu a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo;
  - (b) sonraí maidir le gearáin tomhaltóirí a bhailiú, a rangú agus a mhalartú;
  - (c) gréasáin d'oifigigh inniúla a fhorbairt atá sonrach ó thaobh earnála de;
  - (d) uirlisí faisnéise agus cumarsáide a fhorbairt; agus
  - (e) i gcás inarb infheidhme, caighdeán, modhanna agus treoirilínte a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a fhorbairt.
2. A mhéid atá sé sin riachtanach chun cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú, féadfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí sna réimsí dá tagraítear i mír 1 a chomhordú agus a eagrú go comhpháirteach.

*Airteagal 31*

**Oifigigh a mhalartú idir údaráis inniúla**

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla a bheith rannpháirteach i scéimeanna malartaithe oifigeach as Ballstáit eile chun comhar a fheabhsú. Déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta atá riachtanach chun go mbeidh oifigigh as Ballstáit eile in ann ról éifeachtach a imirt i gníomhaíochtaí an údaráis inniúil. Chuige sin, údarófar na hoifigigh sin chun na cúraimí a thabharfaidh an t-údarás inniúil sa tír óstach dóibh i gcomhréir le dlíthe a Bhallstáit, a dhéanamh.

**▼B**

2. Le linn an mhalartaithe, caithfear le dliteanas sibhialta agus coiriúil an oifigigh ar an dóigh chéanna le dliteanas sibhialta agus coiriúil oifigigh an údaráis óstaigh. Comhlíonfaidh na hoifigigh as Ballstáit eile caighdeáin ghairmiúla agus na rialacha inmheánacha iomchuí de chuid an údaráis inniúil maidir le hiompar. Áiritheoidh na rialacha iompair sin, go háirithe, cosaint daoine aonair maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, cothroime nós imeachta agus urramú ceart na rialacha maidir le rúndacht agus socréideacht ghairmiúil agus tráchtála a leagtar síos in Airteagal 33.

*Airteagal 32***Comhar idirnáisiúnta**

1. A mhéid atá sé sin riachtanach chun cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú, comhoibreoidh an tAontas le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí inniúla idirnáisiúnta sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo chun leasanna tomhaltóirí a chosaint. Féadfaidh an tAontas agus na tríú tíortha lena mbaineann na socrúithe le haghaidh comhair, lena n-áirítear socrúithe cúnamh fhrithpháirtigh, faisnéis faoi rún a mhalartú agus cláir le haghaidh malartú ball foirne a thabhairt i gcrích.

2. Na comhaontuithe a thabharfar i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha maidir le comhar agus cúnamh fhrithphárteach chun leasanna tomhaltóirí a fheabhsú agus a chosaint, urramóidh siad na rialacha ábhartha ar chosaint sonraí is infheidhme maidir le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tíortha.

3. Nuair a gheobhaidh údarás inniúil faisnéis ó údarás tríú tír a bhfuil an fhéidearthacht ann go bhfuil sí ábhartha d'údaráis inniúla na mBallstát eile, cuirfidh sé na húdaráis inniúla sin ar an eolas faoin bhfaisnéis a mhéid is ceadmhach déanamh amhlaidh faoi aon chomhaontuithe cúnamh dhéthaobhaigh leis an tríú tír sin agus a mhéid atá an fhaisnéis sin i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil.

4. An fhaisnéis a chuirtear in iúl leis an Rialachán seo, féadfaidh údarás inniúil údarás tríú tír a chur ar an eolas fúithi freisin faoi chomhaontú cúnamh dhéthaobhaigh leis an tríú tír sin, ar choinníoll go bhfuarthas formheas ón údarás inniúil a chéadchuir an fhaisnéis in iúl agus ar an gcoinníoll go bhfuil sí i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil.

## CAIBIDIL VI

**SOCRUITHE COMHCHOITEANNA***Airteagal 33***Faisnéis a úsáid agus socréideacht ghairmiúil agus tráchtála**

1. Ní bhainfear úsáid as faisnéis a bhailigh na húdaráis inniúla agus an Coimisiún, nó faoinar cuireadh ar an eolas iad le linn an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm, ach chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí.

**▼B**

2. Déileálfar leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 mar eolas atá faoi rún agus ní úsáidfear ná ní nochtfar í ach i gcomhréir le leasanna tráchtála duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh, lena n-áirítear, rúin trádála agus maoin intleachtúil.

3. Mar sin féin, féadfaidh na húdaráis inniúla, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an údarás inniúil a sholáthair an fhaisnéis, cibé faisnéis a nochtadh atá riachtanach:

- (a) chun sárúithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo a chruthú; nó
- (b) chun a chur faoi deara go scoirfí de shárúithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo nó go dtoirmeascfaí iad.

*Airteagal 34***Fianaise agus torthaí imscrúdaithe a úsáid**

Féadfaidh údaráis inniúla aon fhaisnéis, aon doiciméid, aon torthaí, aon ráitis, aon fhíorchóipeanna deimhnithe nó aon eolas a cuireadh in iúl a úsáid mar fhianaise, ar an mbonn céanna le doiciméid chomhchosúla a fuarthas ina mBallstát féin, beag beann ar a meán stórála.

*Airteagal 35***Córas leictreonach**

1. Déanfaidh an Coimisiún bunachar sonraí leictreonach a bhunú agus a choimeád ar bun le haghaidh gach cumarsáide idir údaráis inniúla, oifigí idirchaidrimh aonair agus an Coimisiún faoin Rialachán seo. An fhaisnéis ar fad a sheoltar trí bhíthin an bhunachair sonraí leictreonaigh, stórálfar agus próiseálfar sa bhunachar sonraí leictreonach sin í. Tabharfar rochtain dhíreach ar an mbunachar sonraí sin do na húdaráis inniúla, do na hoifigí idirchaidrimh aonair agus don Choimisiún.

2. An fhaisnéis a thugann eintitis atá i dteideal foláireamh seachtrach a thabhairt de bhun Airteagal 27(1) nó (2), stórálfar agus próiseálfar sa bhunachar sonraí leictreonach í. Ní bheidh rochtain ag na heintitis sin ar an mbunachar sonraí sin, áfach.

3. I gcás ina suíonn an t-údarás inniúil, comhlacht ainmnithe nó eintiteas a eisiúnn foláireamh seachtrach de bhun Airteagal 27(1) nó (2) go ndearna sé foláireamh maidir le sárú a eisiúint faoi shárú de bhun Airteagal 26 nó Airteagal 27 a léiríodh ina dhiaidh sin a bheith gan bhunús, déanfaidh sé an foláireamh sin a tharraingt siar. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha a bhaint den bhunachar sonraí gan mhoill, agus cuirfidh sé na páirtithe ar an eolas faoi na cúiseanna atá leis an mbaint sin.

Na sonraí stóráilte a bhaineann le sárú, stórálfar sa bhunachar sonraí leictreonach iad ar feadh tréimhse nach faide ná mar atá riachtanach chun na geríoch ar chucu a bailíodh agus a próiseáladh iad ach ní faide ná 5 bliana a stórálfar iad tar éis an dáta:

- (a) a gcuireann údarás faighte iarrata fögra chuig an gCoimisiún de bhun Airteagal 12(2) ina gcuirtear in iúl go bhfuil deireadh tagtha le sárú laistigh den Aontas;

**▼B**

(b) a dtugann an comhordaitheoir fôgra maidir le clabhsúr a chur ar an ngníomhaíocht chomhordaithe de bhun Airteagal 22(1); nó

(c) a gcuirtear an fhaisnéis isteach sa bhunachar sonraí i ngach cás eile.

4. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na socruithe praiticiúla agus na socruithe oibríochtúla maidir le feidhmiú an bhunachair leictreonaí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 38(2).

*Airteagal 36***Aisíocaíocht costas a tharscaoileadh**

1. Déanfaidh na Ballstáit gach éileamh ar aisíocaíocht a tharscaoileadh maidir le costais a tabhaíodh mar chuid de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. D'ainneoin mhír 1, maidir le hiarrataí ar bhearta forfheidhmiúcháin faoi Airteagal 12, beidh Ballstát an údaráis is iarratasóir faoi dhliteanas ag Ballstát an údaráis faighte iarrata i leith aon chostais agus aon chaillteanais a tabhaíodh de dheasca bearta a rinneadh a dhíbhe agus ar chinn cúirt iad a bheith gan bhunús a mhéid a bhaineann sé le substaint an tsáraithe i gceist.

*Airteagal 37***Tosaíochtaí forfheidhmiúcháin**

1. Faoin 17 Eanáir 2020 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh na Ballstáit faisnéis faoina dtosaíochtaí forfheidhmiúcháin chun an Rialachán seo a chur feidhme a mhalartú lena chéile agus leis an gCoimisiún.

Aireofar ar an bhfaisnéis sin:

(a) faisnéis maidir le claontaí margaidh a bhféadfadh sé go ndéanfaidís difear a dhéanamh do leasanna tomhaltóirí sa Bhallstát lena mbaineann agus sna Ballstáit eile;

(b) forléargas ar ghníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích faoin Rialachán seo, sa 2 bhliain roimhe sin, agus bearta imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin a bhaineann le sárúithe forleathana go háirithe;

(c) staidreamh a mhalartaítear trí bhíthin foláireamh dá dtagraítear in Airteagal 26;

(d) na réimsí tosaíochta sealadacha don chéad 2 bhliain eile le haghaidh fhorfheidhmiú dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí sa Bhallstát lena mbaineann; agus

(e) na réimsí tosaíochta don chéad dá bhliain eile arna dtogru le haghaidh fhorfheidhmiú dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais.

2. Gan dochar d'Airteagal 33, déanfaidh an Coimisiún, gach 2 bhliain, forléargas a thabhairt ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a), pointe (b) agus pointe (c) de mhír 1 agus cuirfidh sé an forléargas sin ar fáil don phobal. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi sin.



**▼B**

3. I gcásanna a bhaineann le hathrú mór ar na dálaí nó ar dhálaí margaidh le linn an dá bhliain tar éis thíolacadh a dtosaíochtaí forfheidhmiúcháin deiridh, déanfaidh na Ballstáit a dtosaíochtaí forfheidhmiúcháin a nuashonrú agus cuirfidh siad na Ballstáit agus an Coimisiún ar an eolas dá réir.

4. Déanfaidh an Coimisiún achoimre ar thosaíochtaí forfheidhmiúcháin arna dtíolacadh ag na Ballstáit faoi mhír 1 den Airteagal seo, agus gach bliain, cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 38 (1) chun ord tosaíochta gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo a éascú. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit dea-chleachtais agus tagarmharcáil a mhalartú, go háirithe d'fhonn na gníomhaíochtaí fothaithe acmhainne a fhorbairt.

## CAIBIDL VII

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 38***Coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 39***Fógraí a thabhairt**

Cuirfidh na Ballstáit téacs aon fhorálacha den dlí náisiúnta maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo a ghlactar in iúl don Choimisiún gan mhoill, chomh maith le téacs aon chomhaontaithe a dhéanfaidh siad, seachas comhaontuithe ina ndeileáiltear le cásanna aonair a thugann siad i gcrích.

*Airteagal 40***Tuairisciú**

1. Faoin 17 Eanáir 2023, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Sa tuarascáil sin, beidh meastóireacht ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear measúnú ar éifeachtacht fhorfheidhmiú dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí faoin Rialachán seo, go háirithe maidir le cumhachtaí na n-údarás inniúil a leagtar amach in Airteagal 9, maille le scrúdú ar an gcaoi a gcomhlíonann trádálaithe dlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí agus an fhorbairt a tháinig air sin i margáí tomhaltóra rithábachtacha a bhfuil baint acu le trádáil trasteorann, go háirithe.

Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás ina bhfuil sé sin riachtanach.

**▼B**

*Airteagal 41*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 le héifeacht ón 17 Eanáir 2020.

*Airteagal 42*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 17 Eanáir 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.



## IARSCRÍBHINN

## Treoracha agus Rialacháin dá dtagraítear i bpointe (1) d'Airteagal 3

1. Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29).
2. Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le cosaint tomhaltóirí ó thaobh praghsanna táirgí a thairgtear do thomhaltóirí a chur in iúl (IO L 80, 18.3.1998, lch. 27).
3. Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le gnéithe áirithe de dhíolachán earraí tomhaltóra agus na ráthaíochtaí gaolmhara (IO L 171, 7.7.1999, lch. 12).
4. Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (an Treoir maidir le trádáil leictreonach) (IO L 178, 17.7.2000 lch. 1).
5. Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67): Airteagal 86 go 100.
6. Treoir 2002/58/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonáil (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37): Airteagal 13.
7. Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2002 maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomhaltóirí agus lena leasaítear Treoir 90/619/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE agus Treoir 98/27/CE (IO L 271, 9.10.2002, lch. 16).
8. Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnaimh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO L 46, 17.2.2004, lch. 1).
9. Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoir 98/27/CE agus Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (“An Treoir maidir le cleachtais tráchtála éagothroma”) (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).
10. Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir leis na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas luaineachta agus iad ag taisteal d’aer (IO L 204, 26.07.2006, lch. 1).
11. Treoir 2006/114/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le fógraíocht mhíthreorach agus chomparáideach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 21): Airteagal 1, pointe (c) d’Airteagal 2 agus Airteagal 4 go hAirteagal 8.
12. Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12. 2006, lch. 36): Airteagal 20.

## ▼B

13. Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (IO L 315, 3.12. 2007, lch. 14).
14. Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO L 133, 22.5.2008, lch. 66).
15. Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3): Airteagal 22, Airteagal 23 agus Airteagal 24.
16. Treoir 2008/122/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 maidir le tomhaltóirí a chosaint i ndáil le gnéithe áirithe de chonarthaí amroimnte, de chonarthaí um tháirgí saoire fadtéarmacha, de chonarthaí athdhíola agus de chonarthaí malairte (IO L 33, 3.2.2009, lch. 10).
17. Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe atá leagtha síos leis an dlí, le Rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1): Airteagal 9, Airteagal 10, Airteagal 11 agus Airteagal 19 go hAirteagal 26.
18. Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 334, 17.12.2010, lch. 1).
19. Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cearta paisinéirí in iompar de bhus agus de chóiste agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 55, 28.2.2011, lch. 1).
20. Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).
21. Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.06.2013, lch. 63): Airteagal 13.
22. Rialachán (AE) Uimh. 534/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach díospóide ar-líne le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Rialachán maidir le ODR le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 1): Airteagal 14.
23. Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí a bhaineann le maoin chónaithe dhochorraithe agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 60, 28.2.2014, lch. 34): Airteagail 10, 11, 13, 14, 15, 16, 17, 18, 21, 22, 23, Caibidil 10 agus Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II.
24. Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le malartú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu (IO L 257, 28.8.2014, lch. 214): Airteagal 3 go hAirteagal 18 agus Airteagal 20(2).

**▼B**

25. Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socrúithe taistil gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO L 326, 11.12.2015, lch. 1).
26. Rialachán (AE) Uimh. 2017/1128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le hinaistritheacht trasteorann seirbhísi ábhair ar líne sa mhargadh inmheánach (IO L 168, 30.6.2017, lch. 1).

**▼MI**

27. Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil údar léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 60 I, 2.3.2018, lch. 1), i gcás inar tomhaltóir, faoi mar a shainmhínítear é i bpointe (12) d'Airteagal 2 den Rialachán sin é an custaiméir, agus sa chás sin amháin.